Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Nollaig 2023
(OR. en)

15837/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0427 (NLE)**

**ECOFIN 1258**
**UEM 407**
**FIN 1218**

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Bhulgáir |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Bhulgáir**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Bhulgáir an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 15 Deireadh Fómhair 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 4 Bealtaine 2022, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin chinneadh cur chun ceidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022')[1].

(2) De bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241, bhí an ranníocaíocht uasta airgeadais i gcomhair thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha gach Ballstáit le nuashonrú faoin 30 Meitheamh 2022 i gcomhréir leis an modheolaíocht dá bhforáiltear ann. An 30 Meitheamh 2022 chuir an Coimisiún torthaí an nuashonraithe sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

(3) An 29 Meán Fómhair 2023, chuir an Bhulgáir plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta modhnaithe faoi bhráid an Choimisiúin. Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, cuirtear san áireamh an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe i gcomhréir le hAirteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 agus áirítear leis iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún moladh a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241 ar an bhforas nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla go páirteach. Na modhnuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Bhulgáir isteach, baineann siad le 22 beart.

[1] Féach doiciméid ST 80912022 INIT agus ST 8091 2022 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) An 14 Iúil 2023 chuir an Chomhairle moltaí faoi bhráid na Bulgáire i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Mhol an Chomhairle don Bhulgáir, *inter alia*, deireadh a chur leis na bearta tacaíochta fuinnimh faoi dheireadh 2023 agus beartas fioscach stuama a áirithiú. Don tréimhse tar éis 2024, mhol an Chomhairle don Bhulgáir leanúint de chomhdhlúthú fioscach meántéarmach de réir a chéile agus inbhuanaithe a shaothrú, in éineacht le hinfheistíochtaí agus athchóirithe atá fabhrach d'fhás inbhuanaithe níos airde, lena n-áirítear faoi chistiú ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/241 ('an tSaoráid') chun tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach. Mhol an Chomhairle don Bhulgáir struchtúr rialachais éifeachtach a áirithiú agus a hacmhainneacht riaracháin a neartú, chun go bhféadfaí a plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go tapa go seasta, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, agus chun a beartais chomhtháthaithe a chur chun feidhme go tapa. Mhol an Chomhairle freisin don Bhulgáir a spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus dlús a chur lena haistriú i dtreo fuinneamh glan agus in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus bochtaineacht fuinnimh a laghdú chomh maith le dlús a chur leis na hiarrachtaí beartais atá dírithe ar sholáthar agus ar shealbhú na scileanna agus n-inniúlachtaí atá ag teastáil le haghaidh an aistrithe ghlais.

(5) De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta nuashonraithe, i gcomhréir leis na treoirlínte um measúnú a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

Nuashonruithe bunaithe ar Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241

(6) Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chuir an Bhulgáir isteach, tugtar 14 bheart cothrom le dáta chun an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe a chur san áireamh. Mhínigh an Bhulgáir, toisc gur laghdaíodh an ranníocaíocht uasta airgeadais ó EUR 6 267 312 124[1] go EUR 5 688 778 600[1] go raibh gá leis an plean téarnaimh agus athléimneachta a mhodhnú trí 6 bheart a bhaint den phlean agus 8 mbeart a íos-scálú.

(7) Níl bearta áirithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a thuilleadh faoi chomhchuid C5 'Bithéagsúlacht', faoi chomhchuid C7 'Nascacht dhigiteach', faoi chomhchuid C8 'Nascacht iompair', faoi chomhchuid C9 'Forbairt áitiúil' agus faoi chomhchuid C10 'Timpeallacht ghnó' dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022.

---

[1] Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Bulgáire de speansais dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 11 den Rialachán sin.

(8) Baineann na bearta sin le hinfheistíocht C5.I2 ‘Athchóiriú a dhéanamh ar éiceachórais thábhachtacha aeráide i gcomhréir le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh agus le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip’ maidir le héiceachórais a athchóiriú agus níos mó earraí agus seirbhísí éiceachórais a ghiniúint; infheistíocht C7.I3 ‘Claochlú digiteach phost na Bulgáire agus seachadadh seirbhísí casta riaracháin’, maidir le nuachóiriú oifigí poist roghnaithe i gceantair thuaithe iargúlta chomh maith le claochlú digiteach phost na Bulgáire agus cur chun feidhme na gcóras píolótach maidir le teilileigheas agus imscaradh stáisiún athluchtaithe d’fheithiclí leictreacha; infheistíocht C8.I3 ‘Digitiú in iompar iarnróid agus ERTMS’, maidir le himscaradh an Chórais Eorpaigh um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS) ar chroíghréasán TEN-T sa Bhulgáir; infheistíocht C8.I4 ‘Críochfort Idirmhódúil in Ruse’ lena n-áirítear críochfort idirmhódúil nua a thógáil lena gcomhtháthaítear modhanna éagsúla iompair agus a bhonneagar le haghaidh coimeádán in Ruse; infheistíocht C9.I2 ‘Digitiú le haghaidh bainistiú comhtháite uisce, rialú uisce agus úsáid éifeachtúil uisce’ maidir le feabhas a chur ar bhainistiú chainníocht an uisce trína dhigitiú agus tríd an rialú ar úsáid uisce a fheabhsú; agus infheistíocht C10.I5 ‘Tacú le hidirghabháil bhreithiúnach éigeantach a thabhairt isteach’ trí líonra na n-ionad idirghabhála a leathnú agus oiliúint a chur ar fáil. Baintear an cur síos ar na bearta sin agus na garspriocanna agus na spriocanna a bhaineann leo. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú dá réir sin.

(9) Ina theannta sin, athraíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na bearta trí iad a íoslaghdú faoi chomhchodanna C2 'Taighde agus nuálaíocht', C3 'Tionscal cliste', C4 'Geilleagar Ísealcharbóin', C6 'Talmhaíocht Inbhuanaithe', C8 'Iompar Inbhuanaithe', C10 'Timpeallacht ghnó' agus C12 'Cúram Sláinte' chun an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe a léiriú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú dá réir sin.

(10) Go háirithe, modhnaítear na garspriocanna agus na spriocanna seo a leanas chun an leibhéal cur chun feidhme is gá a laghdú i gcomparáid leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh chun an leithdháileadh laghdaithe a léiriú: garsprioc 27, sprioc 28 agus sprioc 30 d'infheistíocht C2.I1 'Clár chun dlús a chur leis an téarnamh eacnamaíoch agus leis an gclaochlú eacnamaíoch trí thaighde agus nuálaíocht' faoi chomhchuid C2 'Taighde agus nuálaíocht'; garsprioc 53 d'infheistíocht C3.I2 2.2a 'Scéim deontais chun foinsí in-athnuaite leictreachais a chomhcheangal le stóráil áitiúil' faoi chomhchuid C3 'Tionscal Cliste'; garsprioc 68 agus sprioc 75 d'infheistíocht C4.I1 'Tacaíocht chun stoc foirgneamh a athchóiriú' faoi chomhchuid C4 'Geilleagar ísealcharbóin'; garspriocanna le huimhir sheicheamhach 109 agus 110 agus sprioc 111 d'infheistíocht C4.I5 'Treoirthionscadail chun hidrigin ghlas agus bithghás a tháirgeadh' faoi chomhchuid C4 'Geilleagar ísealcharbóin', garsprioc 133 agus sprioc 134 d'infheistíocht C6.I1 'Ciste chun aistriú teicneolaíoch agus éiceolaíoch na talmhaíochta a chur chun cinn' faoi chomhchuid 6 'Talmhaíocht inbhuanaithe'; garsprioc 188 agus spriocanna 189 agus 190 d'infheistíocht C8.I2 'Trealamh ar bord a bhaineann leis an gCóras Eorpach um Rialú Traenach' faoi chomhchuid C8 'Iompar inbhuanaithe'; spriocanna 276 agus 277 d'infheistíocht C10.I9 'Sonraí a dhigitiú sa riarachán ina bhfuil clárlanna páipéir' faoi chomhchuid C10 'Timpeallacht ghnó'; agus garsprioc 329 d'infheistíocht C12.I1 'Athchóiriú saoráidí ospidéil' faoi chomhchuid C12 'Cúram Sláinte'.

(11) Baintear na garspriocanna agus na spriocanna seo a leanas go hiomlán chun an leithdháileadh laghdaithe a léiriú: garsprioc 112 d'infheistíocht C4.I5 'Treoirthionscadail chun hidrigin ghlas agus bithghás a tháirgeadh' faoi chomhchuid C4 'Geilleagar ísealcharbóin'; sprioc 129 agus 130 d'infheistíocht C5.I2: 'Éiceachórais ríthábhachtacha aeráide a athbhunú i gcomhréir le Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais agus le cuspóirí an Chomhaontaithe Glas don Eoraip' faoi chomhchuid C5 'Bithéagsúlacht'; garspriocanna 151, 152 agus 154 agus spriocanna 153, 155, 156, 157, 158, 159 agus 160 d'infheistíocht C7.I3 'Claochlú digiteach phost na Bulgáire agus seachadadh seirbhísí casta riaracháin' faoi chomhchuid C7 'Nascacht dhigiteach'; garspriocanna 91 agus 192 d'infheistíocht C8.I3 'Digitiú in iompar iarnróid agus ERTMS' faoi chomhchuid C8 'Iompar inbhuanaithe'; garspriocanna 193, 194, 195 agus 196 d'infheistíocht C8.I4 'Críochfort Idirmhódúil in Ruse' faoi chomhchuid C8 'Iompar inbhuanaithe'; garspriocanna 211 agus 212 d'infheistíocht C9.I2 'Digitiú le haghaidh bainistiú comhtháite uisce, rialú uisce agus úsáid éifeachtúil uisce' faoi chomhchuid C9 'Forbairt áitiúil'; garsprioc 269 agus sprioc 268 d'infheistíocht C10.I5 'Tacú le hidirghabháil bhreithiúnach éigeantach a thabhairt isteach' faoi chomhchuid C10 Timpeallacht ghnó; agus garsprioc 331 d'infheistíocht C12.I1 'Athchóiriú saoráidí ospidéil' faoi chomhchuid C12 'Cúram Sláinte'.

(12) Ina theannta sin, cé go bhfuil laghdú foriomlán déanta ar bheart C2.I1 'Clár chun dlús a chur leis an téarnamh eacnamaíoch agus leis an gclaochlú eacnamaíoch trí thaighde agus nuálaíocht' faoi chomhchuid C2 'Taighde agus nuálaíocht' sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, tá na húdaráis in ann institiúid ardoideachais amháin níos mó a mhaoiniú ná mar a bhíothas ag súil leis ar dtús faoin mbeart. Dá bhrí sin, cuireadh garsprioc nua 29a leis faoin infheistíocht.

Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241

(13) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Bhulgáir isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le beart amháin.

(14) Mhínigh an Bhulgáir nach féidir beart amháin a bhaint amach go hiomlán a thuilleadh mar a ceapadh ar dtús mar gheall ar mhéaduithe ar phraghsanna agus deacrachtaí teicniúla gan choinne as ar eascair costáil mhéadaithe in aghaidh an aonaid agus an gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar an uaillmhian. Dá bhrí sin, chuir an Bhulgáir leasuithe ar an RRP isteach chun an tuairisc ar an mbeart a athrú, garsprioc 122 agus sprioc 125 a leasú, agus chun garspriocanna 123 agus 124 d'infheistíocht C4.I8 'Bonneagar náisiúnta chun leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a stóráil (RESTORE)' a bhaint faoi chomhchuid C4 'Geilleagar ísealcharbóin'. Ar an mbonn sin, d'iarr an Bhulgáir go leasófaí na garspriocanna agus na spriocanna thuasluaite agus go ndéanfaí na hathruithe thuasluaite. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú dá réir.

(15) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an mBulgáir, go bhfuil údar maith leis an nuashonrú de bhun Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 agus leis an leasú de bhun Airteagal 21(2) den Rialachán sin.

(16) Ba cheart na hathruithe thuas ar Roinn 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a léiriú freisin i Roinn 2 den Iarscríbhinn sin, ina mionsonraítear méid gach tráthchoda. Tar éis na garspriocanna agus na spriocanna a thuairiscítear thuas a bhaint agus a mhodhnú, ba cheart na méideanna le haghaidh gach tráthchoda a mhodhnú freisin chun an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

(17) Na modhnuithe teoranta arna ndéanamh ag an mBulgáir, ní dhéantar difear leo don mheasúnú dearfach an phlean téarnaimh agus athléimneachta roimhe seo maidir lena ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht nó comhleanúnachas.

Ceartúcháin ar earráidí cléireachais

(18) Sainaithníodh 10 n-earráid chléireachais i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022, lena ndéantar difear do 7 ngarsprioc agus 4 sprioc, agus 10 mbeart ar an iomlán. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach léiríonn ábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 15 Deireadh Fómhair 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Bhulgáir.

(19) Baineann na hearráidí cléireachais sin leis an tuairisc bhirt ar athchóiriú 1 'Athchóiriú san oideachas réamhscoile agus scoile agus san fhoghlaim ar feadh an tsaoil' faoi chomhchuid C1 'Oideachas agus scileanna', garsprioc 5 d'athchóiriú 2 'Athchóiriú ardoideachais' faoi chomhchuid C1 'Oideachas agus scileanna', tuairisc bhirt agus garsprioc 12, sprioc 13, sprioc 14, sprioc 15 agus sprioc 16 d'infheistíocht 2 'Bonneagair oideachais a nuachóiriú' faoi chomhchuid C1 'Oideachas agus scileanna', garsprioc 50 d'infheistíocht 2.1e 'An Díorma Nuálaíochta (Ionstraimí Cothromais le haghaidh Nuálaíochta)' faoi chomhchuid C3 'Tionscal Cliste'; garspriocanna 68 agus 75 d'infheistíocht 2 'Tacaíocht d'athchóiriú an stoic foirgneamh' faoi Chomhchuid C4 'Geilleagar Ísealcharbóin', garsprioc 187 d'infheistíocht 2 'Trealamh ar bord a bhaineann leis an gCórais Eorpach um Rialú Traenach' faoi chomhchuid C8 'Iompar inbhuanaithe'; tuairisc bhirt agus garsprioc 222 d'athchóiriú 2 'Comhrac an éillithe', garsprioc 240 d'athchóiriú 8 'An creat frithsciúrtha airgid a neartú' faoi chomhchuid C10 'Timpeallacht ghnó', agus garsprioc 316 d'athchóiriú 1 "Creat straitéiseach na hearnála cúraim sláinte a uasghrádú" faoi chomhchuid C12 'Cúram Sláinte'. Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

(20) Maidir le gné amháin de gharsprioc 231 d'athchóiriú 6 'Athchóiriú clárlainne chun leas a bhaint as acmhainneacht r-Rialtais' atá nasctha leis an sainmhíniú ar chóras faisnéise, chuir an Bhulgáir in iúl don Choimisiún gur cuireadh an gné sin chun feidhme roimh thréimhse incháilitheachta na Saoráide a leagtar amach in Airteagal 17(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Dá bhrí sin, ba cheart an gné sin a bhaint de Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022.

Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar fho-thacar suntasach de na dúshláin a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha

(21) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go gcuideofar i gcónaí leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe le haghaidh a thabhairt ar gach dúshlán nó ar fhoshraith shuntasach de na dúshláin (rátáil A) arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha, a dhírítear chuig an mBulgáir, lena n-áirítear na gnéithe fioscacha díobh.

(22) Déantar na hathchóirithe uile faoi chomhchuid an aistrithe ghlais a choinneáil ar bun chomh maith le hinfheistíochtaí tábhachtacha eile chun tacú le dícharbónú an gheilleagair amhail infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh agus infheistíochtaí san fhuinneamh in-athnuaite chun ar a laghad 3 500 MW d'acmhainneacht bhreise in-athnuaite (gaoth agus grianfhuinneamh) atá nasctha leis an eangach a sholáthar i gcomparáid le leibhéil 2022. Cé gur modhnaíodh comhchuid 4 ('Geilleagar ísealcharbóin') tríd an infheistíocht a bhaineann le stóráil fuinnimh (RESTORE) a laghdú agus trí ghné an bhithgháis den treoirthionscadail bithgháis agus hidrigine a bhaint, tá sé fós ar cheann de na comhchodanna is mó den phlean téarnaimh agus athléimneachta.

Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n- áirítear an bhithéagsúlacht

(23) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as an athchóiriú. Is éard atá sna bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide méid arb ionann é agus 57.5 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

(24) Tagann laghdú beag ar uaillmhian aeráide an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe i gcomparáid leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, agus go príomha is é is cúis leis sin an laghdú ar leibhéal chur chun feidhme riachtanach roinnt beart tar éis an laghdaithe ar an ranníocaíocht uasta airgeadais atá ar fáil don Bhulgáir, agus is ionann é agus 57.5 % den phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, i gcomparáid le 58.9 % den phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh.

(25) Na leasuithe a rinneadh chun nuashonrú na ranníocaíochta uasta airgeadais a chur san áireamh, ní dhéantar difear leo do don mheasúnú dearfach a rinneadh roimhe sin ar an rannchuidiú leis an aistriú ghlas. Leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí suntasacha atá san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, d'fhéadfaí cur le dícharbónú an gheilleagair trí thacaíocht a thabhairt d'úsáid mhéadaithe a bhaint as giniúint agus stóráil an fhuinnimh in-athnuaite, trí éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus trí chur le soghluaisteacht inbhuanaithe bóithre agus iarnróid mar aon le talmhaíocht inbhuanaithe agus bainistiú acmhainní uisce.

Rannchuidiú leis an aistriú digiteach

(26) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Is éard atá sna bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha méid arb ionann é agus 23.1 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

(27) Tagann laghdú beag ar an uaillmhian i dtreo aistriú aeráide sa phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe i gcomparáid leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, agus go príomha is é is cúis leis sin an laghdú ar leibhéal chur chun feidhme riachtanach roinnt beart tar éis an laghdaithe ar an ranníocaíocht uasta airgeadais atá ar fáil don Bhulgáir, agus is ionann é agus 23.1 % den phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, i gcomparáid le 25.8 % den phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh.

(28) Na leasuithe a rinneadh chun nuashonrú na ranníocaíochta uasta airgeadais a chur san áireamh, ní dhéantar difear leo don mheasúnú dearfach a rinneadh roimhe sin ar an rannchuidiú leis an aistriú digiteach. Infheistíochtaí lena gcothaítear sealbhú scileanna digiteacha, digitiú na hearnála poiblí, gnólachtaí agus eagraíochtaí taighde agus infheistíochtaí sa nascacht dhigiteach, tá coinne leis i gcónaí go gcuirfidh siad go marthanach le héifeachtúlacht sna hearnálacha sin.

Aon chritéir mheasúnaithe eile

(29) Measann an Coimisiún nach ndéanann na modhnuithe a chuir an Bhulgáir chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (c), (d), (g), (h), (i), (j) agus (k), de Rialachán (AE) 2021/241.

Measúnú dearfach

(30) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na athchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chur chun feidhme, na garspriocanna, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh- iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe a leagan amach.

Rannchuidiú airgeadais

(31) Is é costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire BGN 12 097 344 253, arb ionann é agus EUR 6 185 273 901 ag ráta tagartha EUR BGN an Bhainc Ceannais Eorpaigh an 15 Deireadh Fómhair 2021. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Bhulgáir, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Bulgáire a bheith comhionann le méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá ar fáil do phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Bulgáire. Is ionann an méid sin agus EUR 5 688 778 600.

(32) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Bhulgáir a leasú dá réir sin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin a ionadú ina hiomláine.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Bhulgáir mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta nuashonraithe na Bulgáire a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t- amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean agus é a chur chun feidhme, lena n- áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais ar fáil don Bhulgáir i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha dar luach EUR 5 688 778 600*. Áirítear na méideanna seo a leanas ar an rannchuidiú sin:

(a) méid EUR 4 636 043 337 a chuirfear ar fáil lena ghealladh go dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022;

(b) méid EUR 1 052 735 263 a chuirfear ar fáil lena ghealladh go dlíthiúil ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023’.

___________________

* Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Bulgáire de speansais dá dtagraítear Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach Airteagal 11 den Rialachán sin,’;

(3) cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Bulgáire.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*